AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**Imlitir 0027/2013**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna, agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta**
**agus**
**Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na gCoistí Gairmoideachais**

# TEIDLÍOCHTAÍ SAOIRE DO THUISMITHEOIRÍ DO CHÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA I mBUNSCOILEANNA AGUS IARBHUNSCOILEANNA AITHEANTA

Tugann an tAire Oideachais agus Scileanna treoir duit na rialacháin agus nósanna imeachta maidir le Teidlíochtaí Saoire do Thuismitheoirí do chúntóirí riachtanas speisialta i bpoist atá maoinithe ó airgead a sholáthraíonn an tOireachtas a chur i bhfeidhm.

Tá na rialacháin agus nósanna imeachta le cur i bhfeidhm ag gach fostóir le héifeacht láithreach agus caithfidh gach cúntóir riachtanais speisialta cloí le téarmaí na himlitreach seo.

Tagann an imlitir seo in áit gach imlitir, meamram, rialach agus rialacháin roimhe seo maidir le Teidlíochtaí Saoire do Thuismitheoirí. Cinntigh, le do thoil, go dtabharfar cóipeanna den imlitir seo do gach ball den Bhord Bainistíochta/den Choiste Gairmoideachais agus go dtabharfar gach a bhfuil ann ar aird na gcúntóirí riachtanas speisialta ar fad atá fostaithe agat, lena n-áirítear iad siúd atá ar saoire neamhláithreachta.

Is féidir teacht ar an Imlitir seo ar láithreán gréasáin na Roinne faoi: www.education.ie Baile – Foireann Oideachais – Sosanna/Saoire – Saoire Tuismitheoirí.

| | |
|---|---|
| Alfie Barrett, | Pádraig Maloney |
| Rannóg Téarmaí agus Coinníollacha Múinteoirí/SNA | An Rannóg Párolla |
| 24 Meitheamh 2013 | 24 Meitheamh 2013 |

## TEIDLÍOCHTAÍ SAOIRE DO THUISMITHEOIRÍ

### Sainmhínithe

Chun críche na himlitreach seo beidh an bhrí leis na téarmaí seo a leanas a shanntar dóibh anseo mura léiríonn an comhthéacs a mhalairt:

**Tuismitheoir Uchtála** – tagraíonn an téarma tuismitheoir uchtála do chúntóir riachtanas speisialta atá ar tí a bheith ina t(h)uismitheoir uchtála agus a bhfuil leanbh curtha faoi na c(h)úram le súil agus ordú uchtála a dhéanamh.

**Míchumas** – ciallaíonn sé, chun críocha na nAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, go bhfuil lagú marthanach coirp, céadfa, meabhairshláinte nó intleachtúil ar an leanbh sa chaoi a fhágann go bhfuil an leibhéal cúraim a theastaíonn ón leanbh níos mó ná an leibhéal cúraim a theastaíonn ó leanaí den aois chéanna nach bhfuil aon lagú den sórt sin orthu.

**RCS** – Ciallaíonn sé an Roinn Coimirce Sóisialaí.

**Fostóir** – ciallaíonn sé Coiste Gairmoideachais (VEC) do ghairmscoileanna/coláistí phobail agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir i gcás bunscoileanna, meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha. Féadfaidh an Coiste Gairmoideachais nó Bord Bainistíochta/Bainisteoir freagracht as na nithe atá leagtha amach san imlitir seo a tharmligean chuig Príomhoide na Scoile.

***In Loco Parentis*** **–** ciallaíonn sé nach mór don chúntóir riachtanas speisialta atá ag déanamh iarratas ar saoire do thuismitheoirí a bheith freagrach go dlíthiúil nó an critéar go bhfuil sé nó sí ag feidhmiú go gníomhach mar thuismitheoir don leanbh ar bhonn leanúnach a chomhlíonadh.

**Bliain Saoire –** ciallaíonn sé an tréimhse ó 1 Meán Fómhair go dtí 31 Lúnasa gach aon bhliain.

**Breoiteacht Fadtéarmach** – ciallaíonn sé, chun críocha na nAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, breoiteacht fadtéarmach a fhágann go bhfuil an leibhéal cúraim a theastaíonn ón leanbh níos mó ná an leibhéal cúraim a theastaíonn ó leanaí den aois chéanna nach bhfuil aon breoiteacht fadtéarmach den sórt sin orthu.

**Córas Éileamh ar Líne (OLCS)** – ciallaíonn sé córas atá ag feidhmiú faoi láthair i mbunscoileanna, meánscoileanna deonacha, i scoileanna pobail agus i scoileanna cuimsitheacha chun taifeadadh a dhéanamh ar neamhláithreacht agus chun éilimh íocaíochta a chur isteach i ndáil le cúntóir riachtanas speisialta ionadaíochta agus cúntóir riachtanas speisialta páirtaimseartha neamhrialta.

**Scoilbhliain -** mar a shainmhíníonn an tAire Oideachais agus Scileanna ó am go chéile ag tosú faoi láthair an 1 Meán Fómhair agus ag críochnú an 31 Lúnasa gach bliain.

**An Roinn** – ciallaíonn sé an Roinn Oideachais agus Scileanna.

## 1. Eolas Ginearálta

1.1 Is ionann saoire do thuismitheoirí agus tréimhse **saoire neamhíoctha** atá ar fáil do chúntóirí riachtanas speisialta chun críocha cúram leanaí. Foráiltear dó faoi na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 agus 2006 agus i Rialacháin (Saoire do Thuismitheoirí) An Aontais Eorpaigh 2013 (I.R. Uimh. 81 de 2013).

1.2 Meastar go bhfuil an cúntóir riachtanas speisialta atá ar saoire do thuismitheoirí fostaithe chun gach críche ag an am sin seachas do luach saothair agus aoisliúntas. Dá bhrí sin tá an neamhláithreacht inríofa go hiomlán chun gach críche eile, lena n-áirítear sinsearacht agus forchéimniú ar an scála tuarastail incrimintigh.

1.3 Níl cead ag an gcúntóir riachtanas speisialta atá as láthair ar saoire do thuismitheoirí a bheith rannpháirteach in aon chineál fostaíochta íoctha, mar go bhfuil, faoi théarmaí na nAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, an tsaoire beartaithe go sonrach do chúram leanaí.

## 2 Teidlíocht Saoire do Thuismitheoirí

2.1 Tá an cúntóir riachtanas speisialta i dteideal 18 seachtaine saoire do thuismitheoirí i leith gach aon leanbh suas go dtí 13 bliain d'aois nó 16 bliain d'aois i gcás leanbh le míchumas agus/nó breoiteacht fadtéarmach. Níl aon oibleagáid, áfach, an tsaoire iomlán 18 seachtain a thógáil. Féadfaidh iarratasóirí, a bhfuil 14 seachtaine tógtha acu roimh seo iarratas a dhéanamh anois ar 4 seachtaine breise ar an gcoinníoll go gcomhlíonann siad an critéar teidlíochta i gcónaí.

2.2 Tá teidlíocht ar leithligh ag gach aon tuismitheoir i ndáil le saoire do thuismitheoirí a thógáil óna phost/óna post agus tá saoire den chineál sin ar fáil do gach aon tuismitheoir a chomhlíonann aon cheann de na critéir seo a leanas:

(a) tuismitheoir nádúrtha
(b) tuismitheoir uchtaíoch
(c) tuismitheoir uchtála
(d) cúntóir riachtanas speisialta atá ag gníomhú *in loco parentis* do leanbh

2.3 Is cás don fhostóir a bheith sásta go bhfuil deonú saoire do thuismitheoirí iomchuí nuair atá an cúntóir riachtanas speisialta ag gníomhú *in loco parentis.*

## 3. Incháilitheacht

3.1 D'fhéadfadh cúntóir riachtanas speisialta a bheith incháilithe i leith saoire do thuismitheoirí má tá aon bhliain amháin d'fhostaíocht leanúnach tugtha chun críche aige/aici leis an bhfostóir óna bhfuil an tsaoire á tógáil.

3.2 In imthosca nach mbeidh, ar an lá is déanaí chun tús a chur le tréimhse saoire do thuismitheoirí, níos lú ná aon bhliain amháin ach níos mó ná trí mhí de sheirbhís leanúnach ag an gcúntóir riachtanas speisialta leis an fhostóir ón fhostaíocht óna bhfuil an tsaoire á tógáil, beidh an cúntóir riachtanas speisialta i dteideal saoire do thuismitheoirí ar feadh tréimhse seachtaine amháin in aghaidh gach míosa d'fhostaíocht leanúnach a bheidh críochnaithe aige/aici leis an bhfostóir ag tráth tosaithe na saoire.

3.3 Tiocfaidh deireadh leis an teidlíocht saoire do thuismitheoir ar dhul in éag an chonradh fostaíochta agus gan athnuachan a bheith déanta ar an gconradh sin.

## 4 Seoladh Comhfhreagrais

4.1 Seolfaidh an fostóir comhfhreagras riachtanach go léir chuig an gcúntóir riachtanas speisialta ag an seoladh is déanaí a thug an cúntóir riachtanas speisialta agus ní bheidh aon locht ar an bhfostóir i gcás nach bhfaigheann an cúntóir riachtanas speisialta an comhfhreagras sin.

## 5 Patrún i leith Saoire do Thuismitheoirí

5.1 Féadfaidh cúntóir riachtanas speisialta leas a bhaint as saoire do thuismitheoirí i mbloic d'aon seachtain (1) amháin ar a laghad agus suas go huasmhéid de 18 seachtaine. Tabhair ar aird le do thoil nach mór go mbeidh gach tréimhse de shaoire do thuismitheoirí ar a laghad 7 lá i ndiaidh a chéile lena n-áirítear deireadh seachtaine, tréimhsí ina mbíonn an scoil dúnta agus laethanta nach bhfuil an cúntóir riachtanas speisialta ar an tráthchlár le freastal agus a tharlóidh laistigh den tréimhse sin.

5.2 Sa chás go ndéanann cúntóir riachtanas speisialta iarratas ar shaoire do thuismitheoirí do thréimhse 6 seachtaine nó níos mó, is 6 seachtain an tréimhse íosta nach mór don fhostóir a dheonú seachas i gcásanna ina ndéantar saoire do thuismitheoirí a chur ar atráth nó a dhiúltú mar atá leagtha amach in alt 9 agus 10 thíos.

## 6 Patrún Speisialta in Imthosca Eisceachtúla

6.1 Féadfaidh cúntóir riachtanas speisialta, in imthosca eisceachtúla, leas a bhaint as saoire do thuismitheoirí i bhfoirm laethanta aonair sa chás go bhfuil fadhbanna liachta áirithe ag leanbh agus go bhfuil ar an tuismitheoir freastal ar ospidéal, ar chlinic nó ar choinne teiripe leis an leanbh ar bhonn rialta.

6.2 In imthosca den sórt sin ní mór deimhniú maidir leis an neamhláithreacht a fháil ón ospidéal nó clinic agus é a chur ar aghaidh chuig an bhfostóir agus ní mór é a choinneáil ar chomhad pearsanta an chúntóra riachtanas speisialta.

## 7 Teorainneacha Ama maidir le Saoire do Thuismitheoirí

7.1 Tiocfaidh deireadh le teidlíocht i leith saoire do thuismitheoirí ag:

- tráth nach déanaí ná an lá a bheidh a 13 bliain d'aois slánaithe ag an leanbh, nó
- i gcás linbh uchtaithe atá idir 11 agus 13 bliain d'aois, tráth nach déanaí ná dhá bhliain ó dháta an ordú uchtála
- ~~i~~ gcás linbh le míchumas nó breoiteacht fadtéarmach, tráth nach déanaí ná an lá a bheidh 16 bliain d'aois slánaithe ag an leanbh.

7.2 Ní fhéadfaidh saoire do thuismitheoirí do níos mó ná leanbh amháin in aon tréimhse 12 mhí a dhul thar 18 seachtaine gan cead ón bhfostóir seachas i gcás ilbhreithe (cúpla, triúr leanbh in éineacht srl.) nuair a bhíonn teidlíocht reachtúil ag an gcúntóir riachtanas speisialta níos mó na 18 seachtaine a thógáil in aon tréimhse 12 mhí.

## 8. Teidlíocht Reachtúil maidir le Saoire Bhliantúil/Laethanta Saoire Poiblí

8.1 Go ginearálta tá fostaithe lánaimseartha i dteideal 20 lá saoire bhliantúil. Tá fostaithe a oibríonn

líon níos lú ná uaireanta lánaimseartha i dteideal saoire bhliantúil ar bhonn *pro rata.*

8.2 Déileálfar le haon teidlíocht maidir le laethanta saoire bhliantúil le linn a bheith ar saoire do thuismitheoirí mar saoire bhliantúil bhreise.

8.3 Ní mór na teidlíochtaí saoire bhliantúil sin a thógáil ar laethanta a bhfuil an scoil dúnta agus atá ann i rith na bliana saoire atá i gceist, m.sh. roimh agus tar éis na tréimhse saoire do thuismitheoirí araon. Beidh teidlíochtaí saoire bhliantúil le tógáil ag tráth éigin lasmuigh den tréimhse saoire do thuismitheoirí.

8.4 Nuair atá leas á bhaint as saoire do thuismitheoirí agus nach bhfuil go leor laethanta ann ar a bhfuil an scoil dúnta sa bhliain saoire chun na teidlíochtaí saoire bhliantúla uile a úsáid, ceadaítear na laethanta is gá a thógáil díreach roimh an tsaoire do thuismitheoirí sa bhliain saoire chéanna. Nó, tabharfar cead do chúntóirí riachtanas speisialta an t-iarmhéid a thabhairt ar aghaidh chuig an gcéad bhliain saoire eile ach ansin, ní mór na laethanta sin a thógáil le linn den scoil a bheith dúnta.

8.5 D'fhéadfadh cúntóirí riachtanas speisialta a éiríonn as/a théann ar scor nó ar tháinig deireadh lena gcuid fostaíochta a bheith i dteideal íocaíochta breise in ionad a gcuid saoire fabhraithe.

**9 Saoire do Thuismitheoirí a chur ar atráth ag an bhFostóir**

9.1 Féadfar saoire do thuismitheoirí a chur ar atráth sa chás go ndéanfadh deonú na saoire ag an am sin dochar mór d'oibriú na scoile agus de ghnáth ní fhéadfar an tsaoire a chur ar atráth ach aon uair amháin. Ar shampla de chúis a bheadh ag fostóir le saoire do thuismitheoirí a chur ar atráth ná dá mbeadh deacracht le cúntóir riachtanas speisialta athsholáthair a fháil do thréimhse na neamhláithreachta.

9.2 In imthosca den sórt sin tá sé mar oibleagáid ar an bhfostóir:

- dul i gcomhairle leis an gcúntóir riachtanas speisialta roimh aon chinneadh a dhéanamh maidir leis an tsaoire a chur ar atráth
- sa chás go meastar cur ar atráth a bheith riachtanach, ní mór fógra i scríbhinn a thabhairt don chúntóir riachtanas speisialta tráth nach déanaí na 4 seachtaine roimh an dáta a bhfuil sé beartaithe tús a chur leis an tsaoire
- a chinntiú nach bhfuil an cur ar atráth níos faide na 6 mhí ón *dáta bunaidh* a raibh sé i gceist tús a chur leis an tsaoire do thuismitheoirí
- dáta nua a chomhaontú don tsaoire iarchurtha a bheadh le tógáil ag tráth a mbeadh an cúntóir riachtanas speisialta ag obair seachas sin
- a chinntiú nach gceadaítear aon chur ar atráth eile ina dhiaidh sin ach amháin ar fhorais a chuireann isteach ar athrú séasúrach.
- a chinntiú go síníonn gach aon pháirtí na doiciméid dearbhaithe nua (féach Alt 13 thíos) a chomhaontaíonn na dátaí athbhreithnithe nua leis an tuiscint gur féidir tuilleadh leasaithe a dhéanamh air sin sa chás go bhfuil comhaontú idir an dá pháirtí.

9.3. Sa chás, mar thoradh go hiomlán ar an tsaoire a chur ar atráth, go dtéann an leanbh thar an tairseach aoise, ní chailltear an teidlíocht do shaoire do thuismitheoirí. Ba chóir an tsaoire a thógáil chomh luath agus is féidir tar éis deireadh a bheith tagtha le tréimhse chur ar atráth ar dháta a bheidh comhaontaithe go soiléir ag an dá pháirtí.

## 10 Deonú na Saoire do Thuismitheoirí a dhiúltú

10.1 Sa chás go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhféadfadh sé nach bhfuil an cúntóir riachtanas speisialta i dteideal saoire do thuismitheoirí féadfaidh an fostóir saoire den sórt sin a dhiúltú.

10.2 In imthosca den sórt sin tá sé mar oibleagáid ar an bhfostóir:

- fógra a thabhairt don chúntóir riachtanas speisialta i scríbhinn maidir leis na cúiseanna a bhaineann leis an diúltú atá beartaithe agus cuireadh a thabhairt dó/di uiríoll a dhéanamh i ndáil leis an ábhar laistigh de 7 lá.
- aon uiríoll ón gcúntóir riachtanas speisialta a bhreithniú sula ndéantar an cinneadh deiridh cibé an ndiúltófar nó nach ndiúltófar an tsaoire.
- Sa chás go ndiúltaíonn an fostóir an tsaoire ag deireadh an lae ansin ní mór an cúntóir riachtanas speisialta a chur ar an eolas i scríbhinn maidir leis an gcinneadh agus achoimre a thabhairt maidir leis na forais leis an tsaoire a dhiúltú.

## 11 Saoire do Thuismitheoirí a Aistriú

11.1 Faoi réir ag cead an fhostóra, is féidir 14 seachtaine den teidlíocht saoire do thuismitheoirí 18 seachtaine a aistriú chuig tuismitheoir eile an linbh ábhartha, ar an tuiscint go bhfuil an tuismitheoir eile fostaithe ag an bhfostóir céanna. Ag teacht le Treoir 2010/18/AE ón gComhairle, ní mór do gach aon tuismitheoir 4 seachtaine as a theidlíocht/a teidlíocht 18 seachtaine a choinneáil ar mhaithe lena úsáid/lena húsáid phearsanta féin. Ní féidir na 4 seachtaine sin a aistriú faoin Treoir sin chuig tuismitheoir eile agus ní féidir ach leis an tuismitheoir lenar thosaigh an teidlíocht leas a bhaint as sin. Ciallaíonn sé sin go bhféadfaidh tuismitheoir amháin leas a bhaint as saoire 32 seachtaine agus gur féidir leis an tuismitheoir eile leas a bhaint as na 4 seachtaine eile nuair atá an dá thuismitheoir ag obair sa scoil chéanna.

## 12 Iarratas an Chúntóra Riachtanas Speisialta

12.1 Ba chóir don chúntóir riachtanas speisialta iarratas a dhéanamh chuig a fhostóir/a fostóir i leith saoire do thuismitheoirí 6 seachtaine ar a laghad roimh thosú na saoire ar fhoirm iarratais fhorordaithe atá i gceangal le hAguisín A den imlitir seo.

## 13 Doiciméad Dearbhaithe an Fhostóra

13.1 Ba chóir don fhostóir agus saoire do thuismitheoirí á deonú, an doiciméad dearbhaithe atá i gceangal le hAguisín B den imlitir seo a ullmhú i gcomhar leis an gcúntóir riachtanas speisialta 4 seachtaine roimh thús a chur leis an tsaoire. Is ionann an doiciméad sin agus comhaontú dlíthiúil idir an dá pháirtí. Féadfaidh cúntóir riachtanas speisialta an t-iarratas sin a aisghairm ag tráth ar bith sula síníonn an dá pháirtí an doiciméad dearbhaithe.

## 14 Dearbhú a sheoladh chuig an Roinn/An Coiste Gairmoideachais

14.1 Ní mór don scoil fógra a thabhairt don Roinn (tríd an tsaoire a thaifeadadh ar an gCóras Éileamh Ar Líne (OLCS)/An Coiste Gairmoideachais, ag tráth nach déanaí ná 4 seachtaine roimh thosach na saoire. Mar gur saoire neamhíoctha atá sa tsaoire do thuismitheoirí, d'fhéadfadh ró-íocaíocht tuarastail leis an gcúntóir riachtanas speisialta atá i gceist a bheith mar thoradh ar mhoill mhíchuí ó thaobh taifeadadh a dhéanamh ar an tsaoire. Ní mór aon ró-íocaíocht a eascraíonn ar an mbealach sin a fháil ar ais ón gcúntóir riachtanas speisialta.

## 15 Cúntóir Riachtanas Speisialta Athsholáthair

15.1 Ba chóir go ndéanfadh conarthaí a bhronntar chun neamhláithreacht a chlúdach a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith san imlitir seo tagairt shoiléir go bhféadfadh imthosca a bheith ann nuair a chaithfí conradh athsholáthair a fhoirceannadh i gcás go bhfillfeadh an cúntóir riachtanas speisialta a bhí as láthair ar dhualgais tráth níos luaithe ná mar a bhíothas ag súil leis, m.sh. cur ar atráth/cur ar fionraí saoire do thuismitheoirí trí bhreoiteacht an chúntóra riachtanas speisialta.

15.2 Sa chás go bhfuil cúntóir riachtanas speisialta athsholáthair le fostú, d'fhéadfadh sé go n-éileofaí uirthi/air a bheith ar fáil ar feadh 72 uaire breise ar chuid de chonradh cúntóra riachtanas speisialta iad (*pro-rata* do chúntóirí riachtanas speisialta páirtaimseartha) atá le húsáid agus le seachadadh lasmuigh de ghnáthuaireanta oscailte scoile agus/nó den ghnáth-scoilbhliain.

15.3 Sa chás go bhfostaítear cúntóir riachtanas speisialta le neamhláithreacht a chlúdach faoin imlitir seo, ní bhainfidh sé/sí aon sinsearacht amach sa scoil agus ní bheidh aon teidlíocht aige/aici i leith íocaíocht iomarcaíochta nuair a dhéantar a phost/a post a fhoirceannadh mar gheall go bhfuil an cúntóir riachtanas speisialta a bhí as láthair ag filleadh, nó mar gheall ar laghdú acmhainní cúntóra riachtanas speisialta don scoil nó ar aon chúis eile.

## 16 Saoire do Thuismitheoirí a Fhoirceannadh

16.1 Féadfaidh an fostóir an tsaoire do thuismitheoirí a fhoirceannadh i gcás go mbeidh forais réasúnacha ag fostóir chun a chreidiúint go bhfuil an tsaoire do thuismitheoirí á húsáid ar mhaithe le críocha eile seachas aire a thabhairt don leanbh/leanaí atá i gceist.

16.2 Tá sé mar oibleagáid ar an bhfostóir roimh an tsaoire a fhoirceannadh:

- fógra i scríbhinn a thabhairt don chúntóir riachtanais speisialta go bhfuil an t-ábhar faoi réir ag breithniú agus cuireadh a thabhairt don chúntóir riachtanas speisialta uiríll a dhéanamh i scríbhinn laistigh de 7 lá

- aon uiríoll ón gcúntóir riachtanas speisialta a bhreithniú roimh an gcinneadh deiridh a dhéanamh

- fógra a thabhairt don chúntóir riachtanas speisialta i scríbhinn maidir leis an gcinneadh le hachoimre ar na forais

16.3 Ba chóir go gcuirfeadh an fógra maidir leis an gcinneadh deiridh an cúntóir riachtanas speisialta ar an eolas maidir lena oibleagáid/lena hoibleagáid filleadh ar an obair laistigh de 7 lá tar éis an fhógra a fháil.

## 17 Saoire do Thuismitheoirí a chur ar Atráth/a chur ar Fionraí mar gheall ar bhreoiteacht an Chúntóra Riachtanas Speisialta

17.1 Má éiríonn an cúntóir riachtanas speisialta atá i gceist breoite le linn, nó díreach roimh thréimhse chomhaontaithe na saoire do thuismitheoir, sa mhéid nach bhfuil sé/sí in ann nó nach mbeidh sé/sí in ann aire a thabhairt don leanbh, is féidir:

- <u>mura</u> bhfuil an tsaoire tosaithe cheana féin, tógáil na saoire a chur ar atráth go dtí cibé tráth a mbeidh an cúntóir riachtanas speisialta inniúil le haire a thabhairt don leanbh, nó

- sa chás go bhfuil an tsaoire tosaithe cheana féin, tógáil iarmhéid na saoire a chur ar fionraí go dtí cibé tráth a mbeidh an cúntóir riachtanas speisialta inniúil le haire a thabhairt don leanbh.

17.2 Sa chás go mbíonn sé riachtanach an tsaoire a chur ar atráth nó a chur ar fionraí mar gheall ar bhreoiteacht ní mór don chúntóir riachtanas speisialta fógra i scríbhinn a thabhairt don fhostóir chomh luath agus is indéanta le réasún maidir le cur ar atráth/cur ar fionraí na saoire mar gheall ar bhreoiteacht agus deimhniú iomchuí liachta a thabhairt don fhostóir a dheimhníonn neamhábaltacht an chúntóra riachtanas speisialta aire a thabhairt don leanbh mar thoradh ar bhreoiteacht.

17.3 Ba chóir a thabhairt ar aird nach mór an chuid den tsaoire atá curtha ar fionraí, má tá leas le baint as, a thógáil chomh luath agus is féidir tar éis don chúntóir riachtanas speisialta deimhniú a fháil go bhfuil sé/sí ábalta filleadh ar obair.

17.4 Má théann an leanbh thar an tairseach aoise, mar thoradh ar an tsaoire a bheith curtha ar fionraí mar gheall ar bhreoiteacht/neamhábaltacht an tuismitheora, tá an teidlíocht chun na saoire a thógáil fós ann agus ní mór an tsaoire a thógáil chomh luath agus is féidir.

## 18 An méid den tSaoire do Thuismitheoirí atá fágtha ón fhostaíocht roimhe seo a thabhairt ar aghaidh

18.1 Faoi réir ag na gnáththeorainneacha tairsí aoise agus ceanglais seirbhíse, beidh ar chumas an chúntóra riachtanas speisialta atá ag teacht chun na scéime seo ó fhostaíocht roimhe seo ó acmhainn cúntóra riachtanas speisialta nó ó acmhainn neamh-chúntóra riachtanas speisialta sa chás go bhfuil leas bainte cheana as cuid den tsaoire cheana féin:

- a cheart/a ceart reachtúil i leith aon chuid eile den tsaoire do thuismitheoirí nach bhfuil úsáid bainte aistí agus atá tugtha ar aghaidh chuig an bhfostaíocht nua, agus

- beag beann ar ar shocruithe roimhe seo, tógfaidh sé/sí an tsaoire do thuismitheoirí de réir téarmaí na himlitreach seo.

## 19 Forluí cineálacha saoire reachtúla

19.1 Níl sé ceadaithe a bheith as láthair ar dhá chineál saoire reachtúil ag aon am amháin. Sa chás go mbíonn forluí ann (m.sh. saoire mháithreachais), féadfar an tsaoire do thuismitheoirí a chur ar atráth ar feadh tréimhse réasúnach trí chomhaontú frithpháirteach idir an fostóir agus an cúntóir riachtanas speisialta.

## 20 Éileamh ar phatrún/uaireanta oibre a athrú

20.1 Féadfaidh cúntóir riachtanas speisialta atá ag filleadh ar obair ó shaoire do thuismitheoirí éileamh a dhéanamh patrún/uaireanta oibre a athrú ar feadh tréimhse ama socraithe.

20.2 Ní mór éileamh den sórt sin a dhéanamh i scríbhinn chuig an bhfostóir chomh luath agus is indéanta le réasún, ach ag tráth nach déanaí ná sé seachtaine roimh thosach beartaithe na tréimhse ama socraithe atá i gceist, a shonraíonn an cineál athruithe atá éilithe agus dáta tosaithe agus fad na tréimhse socraithe atá éilithe.

20.3 Breithneoidh an fostóir an t-éileamh agus aird á thabhairt ar théarmaí agus coinníollacha an

chúntóra riachtanais speisialta maidir le saoire agus luach saothair chomh maith le riachtanais na scoile agus an chúntóra riachtanas speisialta araon. Cuirfidh an fostóir an cúntóir riachtanas speisialta ar an eolas i scríbhinn má tá an t-iarratas á dheonú nó á dhiúltú chomh luath agus is indéanta le réasún, ach ag tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine ón iarratas a fháil.

20.4 Sa chás go gceadaítear an t-éileamh, ní mór don dá pháirtí comhaontú scríofa a ullmhú agus a shíniú a leagann amach na socruithe oibre leasaithe, lena n-áirítear dáta tosaithe agus tréimhse na n-athruithe. Ní mór don fhostóir an comhaontú bunaidh a choimeád ar chomhad agus cóip a thabhairt don chúntóir riachtanas speisialta. Féadfaidh an cúntóir riachtanas speisialta, ag tráth ar bith sula sínítear an comhaontú, an t-athrú ar phatrún/uaireanta oibre atá éilithe a aisghairm trí fhógra a thabhairt don fhostóir i scríbhinn.

## 21 Asbhaintí Saorálacha

21.1 Déantar asbhaintí saorálacha ó thuarastal a scor nuair a théann an cúntóir riachtanas speisialta ar saoire do thuismitheoirí. Is ar an gcúntóir riachtanas speisialta amháin atá ag baint leasa as an tsaoire do thuismitheoirí atá an fhreagracht a chinntiú nach dtagann deireadh le ballraíocht ceardchumainn agus as a chinntiú go bhfuil socruithe eile déanta maidir le haisíoc airgead eile atá dlite maidir leis na Scéimeanna Rothaigh chun na hOibre agus Pas Taistil. Níl aon dliteanais ar an Roinn/Coiste Gairmoideachais maidir le haon teidlíochtaí nuair nach ndéantar socruithe eile le hAsbhaintí Saorálacha a dhéanamh. Is féidir tuilleadh mionsonraí maidir le hasbhaintí saorálacha a fháil ar láithreán gréasáin na Roinne www.education.ie faoi Foireann Oideachais – Eolas – Párolla & Airgeadas – Asbhaintí Saorálacha.

## 22 Socruithe Leasa Shóisialaigh

22.1 Ba chóir gach ceist maidir le socruithe Leasa Shóisialaigh agus creidmheasanna iomchuí a sheoladh díreach chun na Roinne Coimirce Sóisialaí.

## 23 Comhlíonadh

23.1 Ní mór do gach cúntóir riachtanas speisialta/fostóir déanamh de réir na rialachán agus na nósanna imeachta atá leagtha amach san imlitir seo. Mura gcloítear leis na rialacháin agus nósanna imeachta déileálfar leis sin faoi nósanna imeachta araíonachta agus d'fhéadfaí deireadh a chur le tuarastal i gcás cúntóra riachtanas speisialta agus/nó clúdach ionadaíochta a tharraingt siar i gcás scoileanna.

23.2 Ní mór don fhostóir an doiciméadúchán ar fad a bhaineann le socruithe saoire do thuismitheoirí a choinneáil in éineacht le taifid phearsanra ábhartha ar feadh 8 mbliana. Féadfaidh oifigigh atá ainmnithe ag an Roinn na taifid sin a roghnú lena n-iniúchadh. Ba chóir go mbeadh na taifid ar fad ag teacht leis an ionchur sonraí ar an gCóras OLCS/VEC.

## 24 Foirm iarratais agus doiciméad dearbhaithe

24.1 Tá cóipeanna den

(a) fhoirm iarratais ar saoire do thuismitheoirí
(b) doiciméad dearbhaithe

i gceangal ag Aguisín A agus B.

## 25 Tuilleadh Eolais

25.1 De réir an ailt thosaigh tá na rialacháin atá san imlitir seo le cur i bhfeidhm ag an bhfostóir. Dá réir sin, ba chóir na ceisteanna ar fad a thabhairt ar aird bhainistíocht na scoile i dtús báire agus d'fhéadfadh sé gur mhian leo siúd dul i gcomhairle lena n-eagraíocht ionadaíochta, agus d'fhéadfadh siadsan tuilleadh comhairle a fháil ón Roinn ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas: teachersna@education.gov.ie

**Aguisín A**

IARRATAIS AR SAOIRE DO THUISMITHEOIRÍ
(LE COMHLÁNÚ AG AN gCÚNTÓIR RIACHTANAS SPEISIALTA)

Scoil: ______________________________ Uimhir Rolla. __________

Ainm: ______________________________

Seoladh Baile: ______________________________

______________________________

Uimhir Theileafóin ______________________________

| UPSP: | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

Déanaim iarratas leis seo ar saoire do thuismitheoirí i leith:

Ainm an Linbh: ______________________ Dáta Breithe:__________
(Teastas breithe an linbh agus, nuair is infheidhme, fianaise maidir le dáta ordú uchtála an linbh, nó fianaise maidir le tuismitheoir atá ag gníomhú *in loco parentis* a bheith i dteannta an iarratais seo)

Ar bhain tú leas as saoire do thuismitheoirí i leith an linbh thuas roimhe seo?

Bhain □ Níor Bhain □

Má bhain luaigh an líon seachtaine le do thoil: ______________________

Tá sé beartaithe agam saoire do thuismitheoir a thógáil mar a leanas:

Cuir tic le do thoil

☐ In aon bhloc leanúnach amháin de 18 seachtaine
☐ I dtréimhsí seachtaine ar leithligh mar a leanas:

Dátaí na saoire do thuismitheoirí mar a leanas:

| Ó – Go dtí: | Ó – Go dtí: | Ó – Go dtí: |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

Deimhním leis seo go bhfuil an t-eolas atá taifeadta sa doiciméad seo fíor agus cruinn agus go bhfuil m'iarratas ar saoire do thuismitheoirí á chur isteach de réir na rialachán agus na nósanna imeachta atá leagtha amach in Imlitir 0027/2013.

Síniú an Chúntóra Riachtanas Speisialta: ______________________

Dáta: ______________________

Seol an Fhoirm Iarratas comhlánaithe ar aghaidh chuig d'fhostóir

## Aguisín B

DOICIMÉAD DEARBHAITHE AR SAOIRE DO THUISMITHEOIRÍ

(LE COMHLÁNÚ AG AN bhFOSTÓIR AGUS AG AN gCÚNTÓIR RIACHTANAS SPEISIALTA)

Deimhním leis seo go bhfuil saoire do thuismitheoirí deonaithe do:

Ainm an Chúntóra Riachtanas Speisialta: ____________________

UPSP: | | | | | | | | | |

I leith:

Ainm an Linbh: ____________________Dáta Breithe: __________

Tá an tsaoire do thuismitheoirí deonaithe de réir chiorclán 0027/2013 mar a leanas:

| Ó – Go dtí: | Ó – Go dtí: | Ó – Go dtí: |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

Síniú an Chúntóra Riachtanas Speisialta: ____________________ Dáta: __________

Síniú an Fhostóra: ____________________ Dáta: __________

Ní féidir aon leasú a dhéanamh ar an doiciméad dearbhaithe tar éis é a shíniú, gan chomhaontú an dá pháirtí.

Ba chóir an doiciméad seo a choimeád ar chomhad pearsanta an chúntóra riachtanas speisialta agus ba chóir don chúntóir riachtanas speisialta cóip a choimeád.